# Líon na Bearnaí

## Sraith 13: Caillte sna Sléibhte

### Pictiúr 1

Bhí grúpa buachaillí agus cailíní amuigh ag siúl sna sléibhte. Bhí siad __________ go maith don ghnó. Bhí buataisí breátha láidre ar a gcosa agus bhí cótaí uiscedhíonacha á gcaitheamh acu go léir. D'éirigh _____________ idir na treoraithe a bhí i bhfeighil an ghrúpa. Dúirt duine amháin, go raibh ceo ar na sléibhte agus go mbeadh sé dainséarach dul ar aghaidh. Dúirt duine eile nach raibh an léargas ró-dhona in aon chor agus go leanfaidís ar aghaidh. Ghlac siad leis an rogha ____________.

### Pictiúr 2

Tar éis tamaill thug na cinnirí, nó na ____________, faoi deara go raibh an ceo ní ba thibhe agus ní ba dhlúithe timpeall orthu. Níorbh fhéidir leo_______a a fheiceáil. Bhí an-chontúirt ann go dtitfidis le haill sa cheo.

### Pictiúr 3

Díreach ag an am chéanna thug an bheirt deiridh sa scuaine faoi deara go raibh siad tite siar ón ngrúpa. Bhí __________ an-mhór idir iad agus an dream eile. Ba ghearr go raibh siad __________ ar fad ón ngrúpa. Ba ar éigean a b'fhéidir leo iad a fheiceáil sa cheo. Bhuail eagla iad. Thuig siad go raibh siad i ______________ anois. Chaithfidis brostú nó chaillfí sa cheo iad.

### Pictiúr 4

Thug baill an ghrúpa mhóir faoi deara go raibh beirt ar _______. Thosaigh siad ag glaoch orthu agus ag __________. Cé gur ghlaoigh duine acu in ard a chinn is a ghutha fáir ná freagra ní bhfuair sé ach macalla a ghutha féin. Cá raibh siad? Thóg duine eile an fón póca amach agus __________ sé ar uimhir na práinne, uimhir na seirbhísí éigeandála, "a naoi, a naoi, a naoi". Mhínigh sé an scéal don té a d'fhreagair.

### Pictiúr 5

D'fhéach an bheirt a bhí caillte suas agus chonaic siad ingearán na Seirbhíse Tarrthála Sléibhe os a gcionn. D’éitil sé timpeall ar feadh tamaill ag cuardach. B'éigean dó fanacht ar foluain os cionn na mbuachaillí agus beirt fhear a ligean síos ar _______ láidre, duine i ndiaidh a chéile. An chéad fhear a tháinig anuas _________ sé a threalamh féin timpeall ar dhuine de na buachaillí agus sméid sé ar an bpíolóta thuas. ___________ seisean an bheirt acu in airde go dtí an t-ingearán féin.

**Pictiúr 6**

Tugadh an bheirt bhuachaillí ar ais go dtí an ________ ina raibh an chuid eile. Bhí stiallbhratacha agus balúin curtha in airde acusan mar mhaisiúcháin timpeall an halla chun fáilte a chur rompu. D'admhaigh an treoraí go raibh sé féin buíoch beannachtach de Dhia gur tháinig gach duine abhaile slán ____________. Dúirt duine den bheirt go raibh ceacht le foghlaim as an eachtra: gan dul ag ___________ sna sléibhte dá mbeadh ceo fógartha i réamhaisnéis na haimsire.